# Scéal, Scéal, Scéal...





## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

25 Márta 2021

Cois Fharraige — fóram um pleanáil teanga

### FÉILE CHOIS FHARRAIGE

Tá sé beartaithe ag **Cumann Forbartha Chois Fharraige** go reáchtálfar Féile Chois Fharraige, féile chultúrtha agus ealaíon sa bhFómhar. Beidh drámaíocht, scannáin, seoltaí leabhar, ceol choirmeacha, seisiúin, damhsa, taispeántais ealaíne, ceardlanna agus seimineáir ar chlár na féile. Tabharfar cuireadh d'eagraíochtaí pobail i gCois Fharraige freagracht a ghlacadh as cuid de na himeachtaí a reáchtáil. Déanfaidh Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga comhordú ar eagrú na féile. Beidh imeachtaí a reáchtáil ar fud Chois Fharraige ó na Forbacha go dtí Ros an Mhíl le linn na féile. Braithfidh dátaí na féile ar an uair a mhaolófar ar na srianta sláinte, ach táthar ag súil gur idir 1-10 Deireadh Fómhair 2021 a bheas an Fhéile ar siúl.



### SIOMPÓISIAM FOCLÓIREACHTA

Tá Siompóisiam Foclóireachta á reáchtáil ag **Foras na Gaeilge** ar an Satharn 27ú Márta @ 10-12:15r.n le riachtanais phobal na Gaeilge i leith na foclóireachta Gaeilge a iniúchadh. Beidh painéal cainteoirí ag plé a dtaithí féin le foclóirí i réimsí ar leith i saol na Gaeilge. Pléifear tábhacht agus ról na bhfoclóirí agus an ról atá ag foclóir aonteangach Gaeilge i gcomparáid le foclóir dátheangach Gaeilge-Béarla. Beidh seisiún plé ag an deireadh ina dtabharfar deis don lucht féachana ceisteanna a chur faoi bhráid na gcainteoirí. Ar *Zoom* agus *YouTube* a reáchtálfar an siompóisiam. Ní gá clárú agus ní bheidh aon táille ann. Tá an nasc *Zoom* le fáil ag www.forasnagaeilge.ie/siompoisiam

Foras na Gaeilge

### PAINÉAL TEAGASCÓIRÍ BOOGR

Tá **Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin** ag cur lena bpainéal teagascóirí. Cuirfear fáilte roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cáilíochtaí agus/nó taithí cuí acu a gcuid ainmneacha a bheith san áireamh don phainéal. San earnáil breisoideachais a bhíonn an BOOGR ag feidhmiú idir chúrsaí lae agus cúrsaí oíche. Ní mór do na teagascóirí a bheith in ann teagasc trí Ghaeilge. Cuirfear fáilte roimh theagascóirí sna hábhair seo a leanas; cócaireacht, garraíodóireacht, adhmadóireacht, ceardaíocht/ealaín, fuáil/cniontáil, drámaíocht, scríbhneoireacht chruthaitheach, ióga/aireachas, stair, ceol, Gaeilge, teicneolaíocht agus ríomhairíocht, gnó, cúram leanaí, scileanna saoil, agus cúram slainte. Is féidir eolas breise a fháil faoin bpainéal ach teagmháil a dhéanamh leis an mBord ag info@gretb.ie

gretb — Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin — Galway and Roscommon Education and Training Board

### ATHOSCAILT AN BHUILÍN BLASTA!


Beidh **an Builín Blasta** ag athoscailt ar bhonn 'beir leat' ar an gCéadaoin 31ú Márta. Le ceiliúradh a dhéanamh ar an ócáid, tá comórtas á reáchtáil ag an gcaifé. Le cur isteach ar an gcomórtas ní mór tagairt a dhéanamh den bhéile nó greim milis is fearr leat ón mBuilín agus a bpostáil ar FB: Builín Blasta a roinnt ar do scéal FB féin. Bronnfar dearbhán €30 ar na buaiteoirí. Tá muid ag súil leis an athoscailt!

Builín Blasta — Cafe & Bakery

### SIAMSÁN SA MBAILE

Tá seisiún eile de chuid **Siamsán sa mBaile** ó Thusimitheoirí na Gaeltachta ar siúl ar an Satharn 27ú Márta @ 12. Beidh gogaí á dhathú agus á mhaisiú ag Michelle Nic Gabhann an tseachtain seo. Is féidir clárú tré theachtaireacht a sheoladh chuig roibeard@tuismitheoiri.ie. Níl costas i gceist ach moltar clárú roimh ré.

Tuismitheoirí na Gaeltachta




### TÓRAÍOCHT UIBHEACHA CÁSCA I ROS NA RÚN

Tá dúshlán na Cásca fógartha ag **Ros na Rún**. Iarrtar ar dhaoine tabhairt faoi Thóraíocht Uibheacha Cásca, sa tóir ar na huibheacha atá i bhfolach thart timpeall Ros na Rún. Caithfear na huibheacha a chomháireamh agus an freagra ceart a scríobh faoin bpostáil ar an gcuntas FB: Ros na Rún. Roghnófar buaiteoirí ar an 30ú Márta agus bronnfar ciseán le huibheacha Cásca agus seacláide orthu.

## CÓCAIREACHT FHÍORÚIL LE DIARMUID

Le ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge, réitigh **Diarmuid Ó Mathúna**, i gcomhar le **GaelChultúr**, ceacht cócaireachta fíorúil ar *YouTube*. Tugann Diarmuid treoracha le Strúisín Gaelach, nó strúisín uaineola a réiteach. Tá fáil ar an bhfíseán ar chuntas YouTube: Gaelchultúr Teoranta.




## NUACHTÁN NUA Ó GHLÓR NA NGAEL

Tá nuachtán nua Gaeilge á fhoilsiú ag **Glór na nGael** le daoine a spreagadh dul i mbun scríbhneoireachta trí mheán na Gaeilge. Cuirfear fáilte roimh scéalta, dánta, pictiúir le cúpla abairt faoi agus smaointe ó mhuintir na Gaeltachta - daoine fásta agus gasúir san áireamh! Má tá suim agat ábhar a chur ar fáil, déan teagmháil le 086 068 1742 le tuilleadh eolais a fháil.

Bígí ag scríobh a chairde!





## AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

Beidh **An Ghaeltacht faoi Bhláth** á óstáil ag Oifigeach Pleanála Teanga Árainn Mhóir ar an Máirt 30ú Márta @ 7:30i.n. ar *Zoom*. Micheál Mag Gloinn a bheas i mbun cainte ar an Máirt agus éin sa gharraí a bheas á phlé aige. Beidh deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur ar Mhicheál chomh maith agus plé ginearálta a dhéanamh ar thopaic na hoíche. Le freastal ar an ócáid ní mór teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com roimh mheánlae ar an Luan 29ú. Beidh duais iontach le buachan ar an oíche. Beidh cainteoirí éagsúla ag glacadh páirt sa togra idir seo agus lár mí Bealtaine.




## COMHARTHAÍ COVID







Tháinig Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige le chéile le hOifigigh Pleanála Teanga an Iarthair agus na Mí le comharthaí COVID a ordú le bronnadh ar ghnóthaí Chois Fharraige. Dearadh thar a bheith simplí agus éifeachtach atá ann - feiliúnach do dhaoine fásta agus gasúir. Má tá suim agat comharthaí a fháil le haghaidh do ghnó, déan teagmháil linn ag optchoisfharraige@gmail.com nó is féidir glaoch a chur orainn ag 0830106294.

## COMÓRTAS REATHA NA GAELTACHTA




Tá **Comórtas Reatha na Gaeltachta 2021** á reáchtáil ag Oifigigh Pleanála Teanga na hÉireann! Cuirfear tús leis an gcomórtas ar an 5ú Aibreán agus mairfidh sé go dtí an 3ú Bealtaine. Bronnfar Corn Raidió na Gaeltachta agus €200 ar an gceantar a n-éireoidh leis an méid is mó míleáiste a bhaint amach! Caithfear 10 gciliméadar, ar a laghad, a dhéanamh in aghaidh na seachtaine ag rith nó ag siúl. Caithfear a bheith 18 nó os cionn le páirt a ghlacadh ann. Le clárú, déan teagmháil le Katie ag optchoisfharraige@gmail.com nó ag 083 010 6294 agus seolfar an fhoirm chláraithe ghairid chugat. Cois Fharraige Abú!

**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh linn i *Scéal, Scéal, Scéal...* is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com Is féidir teagmháil a dhéanamh linn freisin má tá eolas ag teastáil uait ar aon cheann de na scéalta a luaitear anseo!**

## TECHFÉILE 2021




Cuireadh tús le **TechFéile** le gairid agus is iomaí mír spéisiúil atá á reáchtáil ann i réimsí na teicneolaíochta an cheoil, na meán dhigiteach agus réimsí eile nach iad! Bhí Jamie Ó Flannúra i mbun agallaimh le Seán Mac an tSíthigh, Iriseoir Físe le TG4 & RTÉ agus Laoise De Cantalún, Láithreoir Raidió an tseachtain seo. Óstáladh cainteanna gairme freisin inar tugadh léargas ar shlite beatha éagsúla ó thaobh na Gaeilge agus na nuatheicneolaíochta de. Léirítear turgnaimh agus ceachtanna teicneolaíochta suimiúla freisin. Is féidir breathnú ar na físeáin, chomh maith le breis eolais agus uasdátaithe a fháil ar a gcuntas FB: TechSpace nó ag www.tech space.ie

